



## **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS**

### **AN NAOÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH**

#### **LÉIM AN MHADAIDH**

**14 NOLLAIG 2009**

#### **COMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an naoú cruinniú iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i Léim an Mhadaidh ar an 14 Nollaig 2009.
2. I gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann bhí an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson MP MLA, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP MLA. I gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann bhí an Taoiseach, Brian Cowen T.D. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. Nótáil airí go bhfuil dúshláin mhóra roimh chúrsaí airgeadais phoiblí i ngach dlínse. Leis an chúlra seo, mhalartaigh siad tuairimí ar na bearta áirithe atá siad a chur i bhfeidhm le forás a chur chun cinn agus le fostaíocht a chosaint agus phléigh siad an scóip le haghaidh comhoibriú praiticiúil comhthairbheach sa todhchaí maidir le dul i ngleic leis an chor chun donais sa gheilleagar. Nótáil siad go bhfuil rún ag an dá Aire Airgeadais teacht le chéile sa Bhliain Úr. Phléigh siad dul chun cinn fosta ar chur i bhfeidhm An Tionscadail Thairsigh Thuaidh Theas.

#### **TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN NA GCOMHRÚNAITHE**

4. Nótáil Airí an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar na 15 chruinniú CATT a tionóladh ón Chruinniú Iomlánach deireanach i mí Iúil 2009 agus

cuireadh fáilte roimh an chomhoibriú comhthairbheach a tugadh chun cinn, lena n-áirítear:

- dul chun cinn leanúnach thionscadail an A5 (Achadh na Cloiche go dtí an Tairseach Iarthuaiscirt) agus an A8 (Béal Feirste go Latharna). Ceapadh conraitheoir/dearthóirí go luath i mí na Nollag 2009 le haghaidh thionscadal an A5. Rinne an tAire Iompair íocaíocht €9m Ciste Comhdhlúite Thuaisceart Éireann de réir nós imeachta íocaíochta comhaontaithe;
- athoscailt an iarnróid ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath ar an 16 Samhain agus na hiarrachtaí fógraíochtaí ag na comhlachtaí iarnróid chun líon na bpaisinéirí a aisghabháil;
- plé ar na roghanna ar chur chuige comhordaithe a fhorbairt chun teorainneacha níos ísle alcóil san fhuil a thabhairt isteach;
- comhaitheantas idir an RA agus Poblacht na hÉireann do dhícháiliú tiománaithe a bheidh i bhfeidhm go mall i mí Eanáir 2010;
- comhoibriú ar phleanáil agus ullmhúchán le dul i ngleic leis an víreas H1N1 (fliú mucúil) lena n-áirítear bunú struchtúir chomhordaithe dea-fheidhmithe;
- dul chun cinn ar chomhoibriú ar chosaint leanaí, lena n-áirítear malartú eolais ar shábháilteacht ar an idirlíon agus láithreáin líonraithe shóisialta, taighde agus aistriú eolais agus céimeanna i dtreo comhphrótaicail a bhunú ar leanaí faoi chúram, nó ar an chlár um cosaint leanaí, leanaí a bhíonn ar iarraidh agus leanaí a aistríonn trasna na teorann nuair a bhíonn cúis imní ann;
- tús le Comhaontú Seirbhíse idir an Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCB) Thuaisceart Éireann agus Ospidéal Mhuire na Leanaí i gCromghlinn (OLCHC) le tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí cairdiacha pédiatraiceacha ó bhroinn (PCCS);
- comhaontú ar Chreatlach a bhaineann ar an chéad dul síos leis an dramháil, a dumpáladh go mídhleathach ag dhá láithreán tosaíochta i Slattina, Co. Fhear Manach agus gar do Thrileac, Co. Thír Eoghain, a thógáil chun bealaigh; Beidh sé seo mar bhun leis an ghníomhaireacht ar an 18 láithreán atá fágtha. Meastar go gcuirfeadh tús le hobair ar an dá shuíomh seo go luath sa bhliain 2010;

- plé ar an Athbhreithniú ar an Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CT) agus na dúshláin atá roimh earnáil na tamhlaíochta, go háirithe maidir le spriocanna chun Astuithe Gáis Cheaptha Teasa a laghdú agus stádás reatha earnáil na déiríochta; agus
- an plé ar ionad nua a thógáil le haghaidh Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha agus an cinn chun cruinnithe an CATT sa todhchaí a thionól ann, nuair is infheidhmithe.

## **IONAD UATHACHAIS AN BHAILE MHEÁNAIGH**

5. Chuir an Chomhairle fáilte roimh chinneadh Rialtas na hÉireann deireadh a chur leis an mhoill a bhí a cistiú caipitil le haghaidh Ionad Uathachais an Bhaile Mheánaigh i gCo. Ard Mhacha.
6. Nótáladh go molfaidh agus go n-ullmhóidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus an tAire Oideachais plean céimnithe ilbhliantúil nuashonraithe le haghaidh fhorbairt an Ionaid sa todhchaí, i gcomhair leis an Bhord, ag glacadh san áireamh dea-chleachtas idirnáisiúnta agus fhorbairt seirbhísí uathachais ar oileán na hÉireann agus ó bunaíodh an tIonad.
7. Bhí an Chomhairle ag dúil le tús le hoibreacha caipitil san idirthréimhse ar láithreán ar an Bhaile Meánach atá i gcomhréir leis an phlean forbartha a luaithe agus is féidir.

## **ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍBHINN**

8. Nótáil an Chomhairle gurbh fhéidir, de réir Chomhaontú Chill Ríbhinn, Grúpa Athbhreithnithe a bhunú chun moltaí a thuairisciú don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) agus go bhfuil rún ag an Ghrúpa Athbhreithnithe tuarascáil dheireanach a thabhairt ag an chéad chruinniú lomlánach eile.

## **AN FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUaidH THEAS**

9. Nótáil an Chomhairle athbhreithniú leanúnach Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an Fhóram Saoránachta agus alt 22 de Chomhaontú Chill Ríbhinn. Mheabhraigh an Chomhairle gur chuir Rialtas na hÉireann a chuid moltaí chuig Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i Meán Fómhair 2008 agus gur éascaigh Rialtas na hÉireann comhdháil chomhairliúcháin ar an 15 Deireadh Fómhair 2009 le comhpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta agus grúpaí eile sochaí shibhialta sa tír.
10. D'aontaigh an Chomhairle ar chomhráití a thabhairt chun críche go luath ar an Fhóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas.

## **AN FÓRAM PARLAIMINTE THUaidH THEAS**

11. Nótáil an Chomhairle gur ceist don Oireachtas agus do Thionól Thuaisceart Éireann é bunú Fóraim. Nótáladh alt 21 de Chomhaontú Chill Ríbhinn chomh maith le moladh ó Spéicéir Thionól Thuaisceart Éireann Comhdháil Parlaiminteach Thuaidh Theas a thionól.

## **CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO**

12. D'fhormhuinigh agus mheabhraigh an Chomhairle ar sceideal do chruinnithe CATT a thionólfar sa Bhliain Úr agus d'aontaigh sí go mbeadh an chéad chruinniú eile, i bhformáid Iomlánach, á thionól ag Rialtas na hÉireann i mí an Mheithimh/na Nollag 2010. Nótáil sé, nuair is infheidhmithe, go dtionólfar cruinnithe CATT amach anseo san ionad nua le haghaidh Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.

**Comhrúnaíocht**  
**14 Nollaig 2009**

**IARSCRÍBHINN A****CRUINIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH/THEAS  
LÉIM AN MHADAIDH  
AN LUAN, 14 NOLLAIG 2009**

<b>Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</b>	<b>Rialtas na hÉireann</b>
An Ró-Onórach Peter Robinson MP MLA (An Chéad Aire)	Brian Ó Comhain TD (Taoiseach)
Martin McGuinness MP MLA (An LeasChéad Aire)	Máire Ní Chochlainn TD (Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta)
Sir Reg Empey MLA (An tAire Fostaíochta & Léinn)	Brian Ó Luineacháin TD (An tAire Airgeadais)
Conor Murphy MP MLA (An tAire Forbartha Réigiúnach)	Nollaig Ó Diomsaigh TD (An tAire Iompair)
Margaret Ritchie MLA (An tAire Forbartha Sóisialta)	Micheál Ó Máirtín TD (An tAire Gnóthaí Eachtracha)
Caitriona Ruane MLA (An tAire Oideachais)	Éamon Ó Cuív TD (An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta)
Robin Newton MLA (Aire Sóisearach)	Breandán Mac Gabhann TD (An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia)
Gerry Kelly MLA (Aire Sóisearach)	Batt O’Keeffe TD (An tAire Oideachais agus Eolaíochta)